



An Bhruiséil, 7 Samhain 2022
(OR. en)

14189/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0271(NLE)

SCH-EVAL 142
ENFOPOL 532
FRONT 401
MIGR 328
SIRIS 96
COMIX 502

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnamh a sainaitníodh i meastóireacht 2021 ar Lucsamburg maidir le cur i bhfeidhm <i>acquis</i> Schengen i réimsí bhainistiú na dteorainneacha seachtracha, an fhille, Chóras Faisnéise Schengen, an chomhair póilíneachta

1. Tar éis do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú a bheith glactha ag an gComhairle, rinne foireann saineolaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún meastóireacht ar an gcur i bhfeidhm a rinne Lucsamburg ar *acquis* Schengen i réimsí bhainistiú na dteorainneacha seachtracha, an fhille, Chóras Faisnéise Schengen, an chomhair póilíneachta in 2021.
2. I gcomhréir leis an Rialachán sin, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh a sainaitníodh sa mheastóireacht sin agus a áiritheoidh go gcuirfidh Lucsamburg na rialacha Schengen uile a bhaineann le bainistiú na dteorainneacha seachtracha, filleadh, Córas Faisnéise Schengen, an comhair póilíneachta i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtach.

3. Ón 1 Deireadh Fómhair 2022, tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú¹. De réir Airteagal 31(3) den Rialachán sin, maidir le meastóireachtaí a dhéanfar roimh an 1 Feabhra 2023, déanfar na tuarascálacha meastóireachta agus na moltaí a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013.
4. D'fhormheas an Mheitheal um Ábhair Schengen, lena n-áirítear comhpháirtithe an Choiste Mheasctha, eadhon, an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin, an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh an 26 Deireadh Fómhair 2022.
5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gComhairle, mar a leagtar amach in 14196/22 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

¹ IO L 160, 15.6.2022, lgh. 1–27